Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

# PLEAN STRÁITÉISEACH 2021-26

## Oideachas ag Bunathrú Saolta chun Feabhais

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin


‘Quasi Stellae Fulgeant’ (Daniel 12:3)

# *‘Dealróidh na saoithe mar loinnir na spéire’*



# Is í ár bhfís ná go mbeimis inár nguth sainiúil maidir le hoideachas cóir, inbhuanaithe agus claochlaitheach do chách a éascú.

**Tá tuilleadh eolais maidir lenár bhfís ar leathanach 20.**



# Clár


5 Oideachas ag Bunathrú Saolta chun Feabhais

6 Réamhrá

9 Eolas faoi Institiúid Oideachais Marino

10 Faoi Mheitheamh 2026…

12 Réamhrá an Chathaoirligh

14 Fáilte an Uachtaráin

16 Smaointe ó Uachtarán Aontas na Mac Léinn

17 Smaointe ón gCoiste Pleanála Straitéisí

20 Ár Misean, ár bhFís agus ár dTreoirphrionsabail

21 Ár Luachanna a chur in iúl

22 Cad é a bhaineamar amach le linn Phlean Straitéiseach 2015-2020 IOM

24 Amlíne éachtaí 2015-2020

26 Cumhacht Bhunathraitheach an Oideachais, Trí Lionsa Nua-aimseartha

29 Oideachas ag Bunathrú Saolta chun Feabhais

30 5 Tosaíocht 10 Sprioc

43 Forfheidhmiú Straitéiseach

46 Próiseas Comhairliúcháin

49 Liosta Acrainmneacha agus Giorrúchán

50 Buaicphointí 2021-2026



FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C164890

# Oideachas ag Bunathrú Saolta chun Feabhais

Agus tú ag siúl faoi gheataí IOM tá tú báite i spásanna aoibhne glasa, agus tá foirgnimh atá fréamhaithe sa stair mórthimpeall ort. Is ríshoiléir an tiomantas atá ann meas a léiriú don fhoireann, mic léinn agus alumní, iad a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh iontu. Tá sé ríthábhachtach go dtugtar tús áite d'fholláine na mball foirne agus do na mic léinn araon chomh maith le heispéireas oideachais d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Mar fhreagairt ar na hathruithe atá tagtha ar ár dtimpeallacht dhomhanda le deireanas, tá IOM tar éis glacadh le modhanna nua teagaisc, foghlama agus rannpháirteachais, ag baint leas as ár solúbthacht agus ag athshamhlú ár dtodhchaí. Cuirimid criticiúlacht i measc ár mball foirne agus ár mac léinn chun cinn, chun ár dtodhchaí a athshamhlú ar bhealach eiticiúil, inbhuanaithe agus tarraingteach.

Sa timpeallacht reatha, tá sé tráthúil d'IOM freagairt don tsochaí le tiomantas athnuaite maidir le barr feabhais in oideachas do chách. Ba mhian linn tiomantas a spreagadh inár bhfoireann, mic léinn agus alumni do cheartas sóisialta, cuimsiú, inbhuanaitheacht agus athrú chun feabhais i suíomhanna oideachais, ina bhfuil cúrsaí caidrimh fite fuaite leis an tírdhreach oideachais níos leithne.

Is trí Iontaoibh amháin a chothófar an cumas chun freagairt agus spreagadh. Tá an iontaoibh lárnach maidir le gach caidreamh, comhpháirtíocht agus iarracht ar chomhoibriú a mbímid páirteach ann, agus bhaineamar leas as sin chun ár gcúig thosaíocht straitéiseacha a léiriú




| TEAGASC | TAIGHDE | ROCHTAIN UILÍOCH | INBHUANAITHEACHT | TEICNEOLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|
| TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT |
| Soláthraímid eispéireas iomlánaíoch dár mic léinn, ina gcaomhnaítear smaointeoireacht chriticiúil, comhbhá, gníomhaíocht, seasmhacht, agus cumas cumarsáide | Cuirimid lenár n-infreastruchtúr taighde trí phobal tacúil a fhorbairt chun barr feabhais a spreagadh i dtaighde oideachais atá ábhartha agus feidhmiúil | Cothaímid rochtain ar oideachais do chách agus tugaimid tús áite do thionscadail agus do thionscnaimh a chruthaíonn sochaí níos cothromaíche, níos tuisceanaí agus níos cothroime | Beimid ag dul do chleachtais inbhuanaithe ar fud ár ngníomhaíochtaí campais agus déanfar teagasc agus foghlaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta a neadú i ngach gné dár gcuraclam | Forbraímid agus athraímid trí dhul i ngleic go criticiúil agus go cruthaitheach le forbairtí in oideachas digiteach |

# Réamhrá

Is institiúid ardoideachais í IOM a bhfuil fócas mór aici ar oideachas. Le breis agus 100 bliain, d'fhoghlaim mic léinn in IOM conas a bheith ina dteagascóirí, bheachtaigh teagascóirí a bhí ag cleachtadh a ngairme a scileanna agus a speisialtóireachtaí trí chúrsaí iarchéime agus chuir ár dtaighdeoirí lenár dtuiscint ar an oideachas, a chleachtas agus a thionchar.



Is é an t-aistriúchán ar ár mana in IOM, 'Quasi Stellae Fulgeant' (Dainéil 12:3) 'Dealróidh na saoithe mar loinnir na spéire', agus ceiliúrann sé cumas fíordhearfach agus bunathraitheach teagascóirí agus oideoirí.

Sa lá atá inniu ann soláthraíonn IOM cláir do mhic léinn ar mhian leo dul leis an teagasc i mbunscoileanna, suíomhanna luath-óige, oideachas dara deis agus breisoideachas, nó i réimse leathan timpeallachtaí neamhfhoirmiúla. Is eol dúinn go gcuirfidh a n-eispéireas in IOM a saol chun feabhais, agus ar a seal cuirfidh siadsan eispéiris a gcuid daltaí féin chun feabhais. In IOM tacaíonn mic léinn agus baill foirne lena chéile, agus tá siad fréamhaithe i dtraidisiún an chúraim tríd an oideachas. Dá thoradh sin bíonn an-tóir ar chéimithe IOM, tá siad tiomanta d'oideachas a chur ar fáil do chách, agus is mian leo oideachas a chur ar dhaltaí seachas iad a theagasc amháin.

Is tiomantas athnuaite ó IOM é ár bPlean Straitéiseach 2021-2026 chun cur leis an eispéireas oideachais agus foghlama agus é a shaibhriú, barr feabhais IOM a chur chun cinn tuilleadh maidir le hoideolaíocht (cineálacha cuir chuige i dtaobh teagaisc agus foghlama) agus oideoirí gairmiúla a ullmhú i réimse leathan suíomhanna oideachais.

Agus muid ag dearadh agus ag forbairt ár bPlean Straitéisigh, chuir paindéim COVID-19 isteach ar shaol, obair, cultúr agus eispéireas na mball foirne agus na mac léinn. Ghéaraigh sé sin ár gcuspóir agus agus ár n-uaillmhianta agus chuir sé lenár bhfeasacht maidir le cé chomh nasctha lena chéile agus atá an domhan, agus threisigh sé an tábhacht a bhaineann le heispéireas oideachais cóir, inbhuanaithe agus bunathraitheach a sholáthar in IOM.

Ag tógáil ar inspioráid Edmund Rice Beannaithe, tá peirspictíocht dhomhanda agus ionchuimsitheach cheana féin ag IOM, agus leis an bPlean Straitéiseach seo is mian linn ár bpeirspictíocht a leathnú tuilleadh sna blianta atá romhainn, agus muid ag fanacht dílis dár gcroí-luachanna agus dár dtreoirphrionsabail.




Don tréimhse 2021 go dtí deireadh na bliana acadúla 2026, chuireamar ár misean, fís agus luachanna in iúl athuair, agus béim á leagan againn ar ár ról mar chomhpháirtithe agus mar oideoirí iontaofa, a dhíríonn ar dhínit agus ar chuimsiú, a fhéachann le heispéireas saibhir foghlama a chur chun cinn i gcónaí, agus leis an gcóras oideachais a fheabhsú.

Tá ár dTreoirphrionsabail, a chabhraigh linn ár bhféiniúlacht, ár gcuspóir agus ár dtosaíochtaí a chaomhnú trí ré chorrach le blianta beaga anuas, tá siad fós ann agus is iad bunús ár ngníomhaíochtaí uile.

Ar feadh Phlean Straitéiseach 2021-2026, tá fócas soiléir ar acmhainn a thógáil, trí rannpháirteachas agus rannpháirtíocht fhónta do bhaill foirne agus mic léinn araon.

Na deiseanna atá ar fáil d'IOM mar Institiúid speisialaithe, nuálach agus fhreagrach, ligeann siad dúinn cur lenár gcáil ó thaobh barr feabhais de a bhain an coláiste agus ár gcéimithe amach thar na blianta, agus tugann siad bunús dúinn chun athrú ó bhonn a dhéanamh maidir leis an gcaoi a n-ullmhaímid oideoirí do réimsí iomadúla, ag cur ar a gcumas a bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, ina n-oideoirí deisbhéalacha, agus ina ngairmithe comhbhácha ina rogha earnáil.

Le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh, cuirfidh IOM le líon na gclár a chuirtear ar fáil, chun riachtanais oideachais na sochaí a chomhlíonadh. Cuirfimid idirnáisúnú ár gcláir chun cinn chun a chinntiú go dtéann ár mbaill foirne agus ár mic léinn i mbun a gcuid oibre trí lionsa domhanda. Is am é freisin nuair a thugaimid faoi chéim nua maidir le gníomhaíocht taighde oideachais agus nuair a dhíreoimid ar ár gcomhpháirtíochtaí a threisiú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cinnteoidh Plean Straitéiseach 2021-2026 agus a sheachadadh éifeachtach go mbeidh foireann agus mic léinn IOM ullmhaithe le bheith ina n-oideoirí agus ina gceannairí gairmiúla agus domhanda, atá tiomanta d'oideachas iomlánaíoch de gach saghas a sholáthar, atá réidh chun na daoine a gcuireann siad oideachas orthu a chumasú, a bhfuil sé d'acmhainn acu todhchaí an oideachais a athshamhlú agus a athmhúnlú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus atá feasach ar an mbealach a mairimid agus a bhfoghlaímid sa saol inár dtimpeall.

Is ónár bpobal an Plean Straitéiseach seo 2021-2026 agus is ar son ár bpobail é. Agus é á fhorbairt in imeacht 18 mí agus é á threorú ag Coiste um Pleanáil Straitéiseach a rinne ionadaíocht ar son na foirne ar fad, d'eascair an Plean as próiseas fada rannpháirteachais agus comhairliúcháin le mic léinn IOM, baill foirne, gobharnóirí, iontaobhaithe agus réimse leathan páirtithe leasmhara de chuid IOM. Táimid faoi chomaoin acu sin ar fad a ghlac páirt sa tréimhse chomhairliúcháin.

Trí bhonn eolais a chur faoin bPlean agus trína mhúnlú, cabhróidh an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht i measc na foirne le hinbhuanaitheacht an Phlean Straitéisigh amach anseo, agus cinnteoidh sé go bhfanfaidh sé ina cháipéis bheo.


N A G L



# Eolas faoi Institiúid Oideachais Marino

Is pobal teagaisc, foghlama agus taighde é Institiúid Oideachais Marino (IOM). Is ag plé le cúrsaí oideachais atáimid le fada, go háirithe oiliúint tosaigh múinteoirí nó 'oiliúint múinteoirí', le breis agus 100 bliain, agus táimid tiomanta do chuimsiú agus barr feabhais san oideachas.

In 1905 bunaíodh Ionad Oiliúna Acmhainne & Taighde Oideachais de chuid na mBráithre Críostaí i mBaile Átha Cliath agus glacadh leis mar Choláiste Oiliúna Múinteoirí in 1929. In 1976, chuireamar tús le cumann le Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath agus chláraigh an chéad ghrúpa mac léinn tuata don Bhaitsiléir san Oideachas.

In Iúil 2011, neartaíodh an caidreamh sin nuair a cuireadh IOM faoi chomhiontaobhacht de chuid Chuallacht na mBráithre Críostaí agus Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide). De bhrí gur Coláiste Comhlachaithe de chuid Choláiste na Tríonóide muid, tá ár gcláir acadúla bailíochtaithe, dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de agus creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus oibríonn IOM agus Coláiste na Tríonóide i gcomhar lena chéile ar thaighde agus ar chineálacha cur chuige i dtaobh an teagaisc.

## FAOI MHEITHEAMH 2026, CINNTEOIDH PLEAN STRAITÉISEACH INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO 2021-2026 NA NITHE SEO A LEANAS:

Go bhfuil timpeallacht foghlama ionchuimsitheach ann d'fhoghlaimeoirí, agus oideachas inbhunaithe mar chroílár a gcuraclam, áit a spreagtar iad peirspictíocht dhomhanda a ghlacadh agus iad ag déanamh rudaí agus áit a n-ullmhaítear iad le bheith ina n-oideoirí spreagúla do chách laistigh de dhomhan atá ag athrú ar luas lasrach.

Tabharfar tacaíocht dár bpobal foirne bríomhar, cumasach agus tiomanta chun fás agus forbairt, chun obair ar bhealach comhaontaithe, chun freagairt go cruthaitheach maidir le riachtanais shochaíocha atá ag teacht chun cinn i dtaca le cláir nua a dhearadh, chun dul i mbun taighde a bhfuil tionchar ag baint leis, chun caidrimh a fhorbairt agus chun a dtuairimí a chur in iúl i bhforbairt oideachais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is féidir lenár nInstitiúid tógáil ar ár láidreachtaí laistigh de thimpeallacht dhomhanda, chun ár bhfuinneamh agus ár n-acmhainní a dhíriú ar na deiseanna iomadúla a thapú atá ar fáil dúinn, agus chun a chinntiú go mbeidh dínit gach duine agus ár dtiomantas i dtaobh forbairt inbhuanaithe mar bhonn faoinár gcinnteoireacht.



### COMHPHÁIRTÍOCHT

Beidh níos mó comhoibre ann idir IOM agus Coláiste na Tríonóide maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí

### LEANÚNTAS IN OIDEACHAS MÚINTEOIRÍ

Bainfidh teagascóirí leas as réimse cúrsaí iarchéime agus forbartha gairmiúla leanúnaí níos leithne in IOM

## CLEACHTAIS INBHUANAITHE

Rachaimid i mbun teagmhála le Clár an Champais Ghlais agus laghdóimid ár lorg carbóin in IOM

## OIDEACHAS GAEILGE

Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag cur cláir Ghaeilge ar fáil



## COMHPHAIRTÍOCHT MAC LÉINN

Bunóimid comhaontú comhpháirtíochta mac léinn agus cruthóimid post mar Oifigeach Sabóideach chun ionadaíocht a dhéanamh ar son chuallacht na mac léinn

## LÍONRAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Beidh comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta níos leithne agus líonra leathan alumni gníomhacha ag IOM

## INBHUANAITHEACHT

Foghlaimeoidh gach ball foirne agus mac léinn de chuid IOM cleachtais inbhuanaithe agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad

## DEISEANNA

Beidh deis ag gach mac léinn de chuid IOM le haghaidh socraíochtaí idirnáisiúnta



## DUL CHUN CHINN DIGITEACH

Cinnteoimid go mbeidh cineálacha cur chuige digiteacha i gceist lenár gcúrsaí agus lenár gcleachtais institiúide

## TAIGHDE

Forbrófar straitéis taighde 5 bliana agus déanfar craobhscaoileadh agus cumarsáid chórasach taighde IOM a chumasú

# Réamhrá an Chathaoirligh



Tá an-áthas orm Plean Straitéiseach Institiúid Oideachais Marino 2021–2026 a chur i do láthair. Cuireadh an Plean le chéile le linn phaindéim COVID-19, agus ba mhaith liom buíochas an Chomhlachta Rialaithe a chur in iúl dóibh sin ar fad a rinne obair ar son a fhorbartha agus na dúshláin mar a bhí.

> **Mar thoradh ar athrú, tagann freagracht maidir le rialú eiticiúil agus maoirseacht, agus thar ceann an Bhoird Rialaithe, tá mé ag tnúth go mór le hobair le IOM ar an todhchaí dhinimiciúil agus spreagúil atá amach romhainn.**

Is mór an dúshlán í paindéim COVID-19 don tsochaí trí chéile agus don oideachas, agus sa tréimhse bhunathraitheach seo is gá go mbeadh seasmhacht, comhbhá agus solúbthacht ann chun na torthaí is fearr a bhaint amach.

Tá sé seo le sonrú sa phlean nua cúig bliana, a thógann ar fhás IOM sna blianta atá imithe tharainn. Tá sé uaillmhianach ó thaobh scóipe de don todhchaí ina n-athraíonn an t-oideachas an saol ó bhonn, tacaíonn Treoirphrionsabail IOM leis agus dearadh é chun iontaobhas agus comhpháirtíocht a chaomhnú.

Treisíonn an Plean tiomantas IOM do bharr feabhais acadúil maidir le teagascóirí an lae amárach a ullmhú.

Díríonn sé ar chultúr an chuimsithe agus na héagsúlachta a láidriú in IOM, agus comhpháirtíochtaí a dhaingniú le pobail agus le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhaingniú.

Tá béim sa Phlean ar thiomantas don phláinéad agus do dhaoine agus cuirfear tuilleadh fócais in IOM ar inbhuanaitheacht agus ar chomhoibriú idirnáisiúnta sna blianta atá amach romhainn.

Forbraíodh Plean Straitéiseach 2021-2026 mar thoradh ar chomhairliúchán forleathan le mic léinn, baill foirne, comhpháirtithe, oideoirí agus tuismitheoirí, agus léiríonn tiomantas, misneach agus comhbhá an phobail é sin.

Mar thoradh ar athrú, tagann freagracht maidir le rialú eiticiúil agus maoirseacht, agus thar ceann an Bhoird Rialaithe, tá mé ag tnúth go mór le hobair le IOM ar an todhchaí dhinimiciúil agus spreagúil atá amach romhainn.

An tOllamh Linda Hogan

**Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe,**
**Institiúid Oideachais Marino**

**Ollamh Éacúiméinice,**
**Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath**

# Fáilte an Uachtaráin



Ní go díreach plean é ár bPlean Straitéiseach 2021-2026, ní go díreach liosta de rudaí atá le déanamh atá ann. Nó ní go díreach treochlár do na cúig bliana atá amach romhainn é. Ina áit sin, tá sé ann chun tógáil ar láidreachtaí IOM atá bunaithe leis na blianta fada, ach freisin, chun gné nua a thabhairt isteach inár gcuid oibre, rud atá fíorthábhachtach.

> **Tá inbhuanaitheacht ar cheann dár dtosaíochtaí ar an aistear seo. Aithnímid gur gá go mbeadh taithí ag na mic léinn ar oideachas a théann i ngleic le hinbhuanaitheacht, agus go bhfeicfidh siad freisin go múnlaítear agus go gcleachtar inbhuanaitheacht i mbainistíocht agus i gceannaireacht ár n-institiúide.**

Cé go leanaimid de thús áite a thabhairt d'fhoghlaim an mhic léinn maidir lenár ngníomhaíocthtaí in IOM, tá ár bhfócas á athrú againn anois chun a chinntiú go bhfuil foghlaim an mhic léinn *sa domhan agus leis an domhain* mar thosaíocht againn. Táimid ag iarraidh ár mic léinn a ullmhú chun go mbeidh sé d'acmhainn acu a bheith ina bhfoghlaimeoirí inbhuanaithe, ionas go mbeidh siad ina n-áisitheoirí oideachais bhunathraithigh do dhaoine eile agus chun gníomhú mar oideoirí inniúla laistigh de thimpeallacht dhigiteach.

Tá inbhuanaitheacht ar cheann dár dtosaíochtaí ar an aistear seo. Aithnímid gur gá go mbeadh taithí ag na mic léinn ar oideachas a théann i ngleic le hinbhuanaitheacht, agus go bhfeicfidh siad freisin go múnlaítear agus go gcleachtar inbhuanaitheacht i mbainistíocht agus i gceannaireacht ár n-institiúide.

Ciallaíonn an t-athrú ó thaobh cur chuige agus lionsa de go bhforbraíonn foghlaimeoirí - ár bhfoireann, ár mic léinn in IOM agus na daltaí a gcuireann siad oiliúint orthu - a scileanna, a gcuspóir agus a mbreithiúnas, go mbíonn siad feasach ar ghnéithe domhanda den saol, agus gur féidir leo tabhairt faoi fhorbairt chóir agus inbhuanaithe ar gach aon bhealach.

Tá cáil ar IOM mar sholáthraí oideachais múinteoirí den scoth de bhrí go bhfuil céimithe IOM ina gcleachtóirí cumasacha agus oilte, agus iad réidh le tús a chur lena slí bheatha mar ghairmithe i scoileanna nó i suíomhanna eile. Tá an tiomantas sin a bhaineann le cur ar chumas ár mball foirne agus ár mac léinn a bheith ina gceannairí oideachais i dtimpeallacht shíorathraitheach spreagúil agus dúshlánach araon.

Cruthaíodh na spriocanna sa cháipéis seo mar thoradh ar chomhairliúchán forleathan agus comhráite lenár nIontaobhaithe, lenár mic léinn agus le pobal IOM trí chéile, lena n-áirítear institiúidí comhpháirtíochta, scoileanna agus tuismitheoirí na ndaltaí scoile.

Tá mé buíoch as an réimse leathan daoine a bhí gníomhach agus páirteach sa phlean seo, a bhfuil fís ag baint leis, a dhearadh, agus a chur i gcrích, agus gabhaim buíochas le Coiste Phlean Straitéiseach 2021-2026 as a gcuid oibre.

Seo plean le haghaidh agus i gcomhair gach duine in IOM agus an pobal lena mbainimid, agus trí bheith ag obair le chéile air, cuirfimid síol a rachaidh chun tairbhe don oideachas in Éirinn agus ar fud na cruinne.

Aithnímid cé chomh mór agus atá an dúshlán, agus tá an mhuinín agus an fhís againn le dul ina cheann agus ár spriocanna a chur i gcrích, chun ár bplean a fhíorú. Is ábhar misnigh dom na sceitimíní ata ar gach duine ár gcomhspriocanna agus ár gcomhluachanna a bhaint amach agus a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

Ag bogadh ar aghaidh le muinín agus le fuinneamh….

An tOllamh Teresa O'Doherty

**Uachtarán, IOM**

# Smaointe ó Uachtarán Aontas na Mac Léinn

Agus iad ag cruthú an Phlean Straitéisigh do na blianta atá romhainn, bhí mic léinn agus alumni IOM páirteach ar gach céim den aistear, agus is léiriú é sin ar an muintearas sin a bhfuil an-mheas againn air. Ar bhonn praiticiúil, is de thoradh ionchur ó mhic léinn agus ó ghrúpaí fócais alumni a éiríonn leis an bPlean seo éilimh reatha earnáil an oideachais a chomhlíonadh.



Is coláiste sinn a dhíríonn ar oideachas, agus, beag beann ar an áit a gcuireann ár mic léinn an t-oideachas sin ar fáil, cuireann IOM béim i gcónaí ar fholláine an pháiste. Ar an gcuma chéanna, tá leas mac léinn reatha agus mac léinn amach anseo de chuid IOM de dhlúth agus d'inneach i bPlean Straitéiseach 2021-2026. Tá mé lán dóchais go bhfuil todhchaí iontach i ndán d'IOM i bhfianaise an Phlean seo.

Dlúthchuid d'fhéiniúlacht IOM is ea an bhraistint pobail a chothaítear inti. Is tríd an gcaidreamh láidir atá ag an bhfoireann in IOM lena gcuid mac léinn a chruthaítear an t-atmaisféar fáilteach sin.

**Liam Heerey,**

**Uachtarán Aontas na Mac Léinn in IOM 2020-2021**

# Smaointe ón gCoiste Pleanála Straitéisí

Tá sé de phribhléid againn mar bhaill de Choiste Foirne na Pleanála Straitéisí go raibh ionchur againn sa Phlean Straitéiseach nua seo don IOM. Táimid buíoch d'Fhoireann Cheannaireachta IOM, agus den Ollamh Teresa O'Doherty, as an deis seo chun ról a bheith againn i ndearadh threoirphlean ceannródaíoch mar seo do thodhchaí na hinstitiúide.

Ba chomhshaothar ar fud na hInstitiúide é próiseas na Pleanála Straitéisí a lig d'fhoireann IOM cur le deiseanna nua, iad a fhorbairt agus thriail ar mhaithe le todhchaí na hInstitiúide, a foirne agus a cuid mac léinn. Tá na tréithe agus an fhealsúnacht atá taobh thiar d'fhás agus rath IOM le feiceáil go soiléir sa Phlean.

Bhí foireann agus pobal IOM go léir páirteach ó fhorbairt tosaigh Phlean Straitéiseach seo IOM 2021-2026, rud a chinntíonn go bhfuil rian sainiúil IOM air ó thús go deireadh.

I ndiaidh seisiúin grúpa oibre ar fud na foirne in earrach 2020, bunaíodh coiste ionadaíoch 14 bhall, a raibh ball ó gach roinn acadúil páirteach ann mar aon le baill ó TF, an Leabharlann, Saoráidí agus Comhdháil, Oifig an Oideachais, Oifig an Chláraitheora agus ball an Oifig Airgeadais.

D'oibrigh an Coiste go dlúth le Trevor Purtill agus leis an Ollamh Teresa O'Doherty chun na réimsí agus gníomhaíochtaí éagsúla forbairt straitéiseach a chur san áireamh. D'ainneoin an tionchair a bhí ag COVID-19 ar chaidreamh aghaidh ar aghaidh, bhí borradh faoi fhoireann IOM mar sin féin agus lean siad ar aghaidh le páirt a ghlacadh i bpróiseas na pleanála straitéisí.

Ba é príomhchuspóir an choiste seo cur le dréachtmhúnlú an Phlean. Ba mhodh fónta é freisin le haghaidh cumarsáid leantach ón dá bhealach: gheobhadh ionadaithe foirne ar an gCoiste an fhaisnéis ba dhéanaí ar phróisis na pleanála straitéisí, chuirfeadh siad an fhaisnéis sin in iúl dá gcomhghleacaithe, agus san am céanna tharraingeodh siad fiosruithe anuas thar ceann na gcomhghleacaithe sin ina ranna féin. Thionóil gach roinn a cruinnithe inmheánacha féin chun cur leis an bpróiseas pleanála.



# Seo a leanas baill Choiste Foirne Phlean Straitéiseach 2021-2026:

An Dr Maire Nuinseann

An Dr Karin Bacon

Ian Blount

Ciara Reilly

An Dr Sandra Austin

Julie O'Donnell

Claire Murphy

Mai Ralph

An Dr Aiveen Mullally

Maureen McDonagh

Patrick Geary

Caoileann Ní Dhonnchadha

Maya Marcos

An Dr Gerry O'Connell

Bhíodh IOM ina heiseamláir riamh anall den teagasc, agus den fhoghlaim agus mar phobal taighde-threoraithe a dhéanann a dhícheall cuimsiú agus barr feabhais in oideachas a chur chun cinn agus bhí an cur chuige sin le feiceáil i ngach gné d'obair an Choiste ar an bPlean Straitéiseach. Eascraíonn tiomantas IOM chun ár n-eolas a roinnt le daoine eile as an gcomhpháirtíocht idir ár bhfoireann agus na mic léinn. Tá an chomhpháirtíocht sin ina dlúthchuid de phobal IOM, thug an Coiste um Pleanáil Straitéiseach tús áite di i bPlean Straitéiseach 2021-2026. Trí sin a dhéanamh, is é ár gcuspóir go rachaidh an chomhpháirtíocht seo chun tairbhe don tsochaí i gcónaí, agus go mbeidh dea-thionchar aici ar an mbeartas agus ar an saol poiblí.





**Is láthair oibre spreagúil í IOM le pobal iontach cuimsitheach. Agus sinn ag tabhairt faoin bPlean Straitéiseach seo, tháinig gach éinne le chéile, idir múintir foirne agus pobail, chun fís agus todhchaí na hInstitiúide a fhorbairt agus a aontú.**

**Maureen McDonagh**

**Ba chomhshaothar ar fud na hInstitiúide é próiseas na Pleanála Straitéisí a lig d'fhoireann IOM cur le deiseanna nua, iad a fhorbairt agus thriail ar mhaithe le todhchaí na hInstitiúide, a foirne agus a cuid mac léinn. Tá na tréithe agus an fhealsúnacht atá taobh thiar d'fhás agus rath IOM le feiceáil go soiléir sa Phlean. Tá foireann agus pobal IOM go léir páirteach ó fhorbairt tosaigh an Phlean Straitéisigh seo de chuid IOM, rud a chinntíonn go bhfuil rian sainiúil IOM air ó thús go deireadh.**

**Grúpa um Phleanáil Straitéiseach**

# Ár Misean

**Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc, foghlama agus taighde is ea IOM atá tiomanta do chuimsiú, cáilíocht agus barr feabhas san oideachas a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal. Tá dínit agus cumas gach duine agus an tóir ar shochaí chóir agus ar phláinéad inbhuanaithe lárnach dár saol, ár gcuid oibre agus ár seirbhís.**

# ÁR bhFÍS

**Le bheith inár nguth sainiúil maidir le hoideachas cóir, inbhuanaithe agus claochlaitheach do chách a éascú.**

# Ár dTreoirphrionsabail

**Tá ár seacht dTreoirphrionsabal mar bhonn faoi gach gné den treo institiúideach a bhfuilimid ag dul :**

| | |
|---|---|
| 1 | A bheith éacúiméineach agus meas a thabhairt do phobail chreidimh uile |
| 2 | Gné láidir um oiliúint múinteoirí a sholáthar |
| 3 | A bheith tacúil do mhisean an oideachais Chaitlicigh trína éiteas sin a chur in iúl agus trí shamhlacha a mholadh chun é a chur i bhfeidhm |
| 4 | Cláir oideachais a sholáthar chun daoine atá bocht agus faoi mhíbhuntáiste a spreagadh agus a chumasú |
| 5 | Pobal foghlama a fhorbairt atá dírithe ar an duine, a bhfuil meas aige do dhifríochtaí aonair agus ar a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste |
| 6 | Cuidiú le tuismitheoirí freagrachtaí a róil mar oideoirí a chomhlíonadh |
| 7 | Meas a thabhairt do gach duine a bhíonn ar lorg na fírinne agus a gceart a chosaint ar eolas nua a thóraíocht cibé cad é a thiocfaidh as sin |

Tá na Treoirphrionsabail mar bhunús lenár gcomhiontaobhas le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus bhí tionchar mór ag luachanna Éamann Beannaithe de Rís orthu, go háirithe a fhís d'oideachas fuascailteach agus ionchuimsitheach.

# Ár Luachanna a chur in iúl

In IOM is cúis mórtais dúinn ár luachanna fiorláidre. Tá siad le feiceáil ar fud mhisean, fhís, spriocanna agus ghníomhaíochtaí an Phlean Straitéisigh seo, agus maireann ár mbaill foirne, mic léinn agus alumni de réir na luachanna sin, ag blaiseadh dóibh ar bhonn laethúil. Is léiriú ar na luachanna atá lárnach d'obair IOM na focail thíos, mar a cuireadh in iúl iad acu sin a ghlac páirt i bpróiseas Phleanáil Straitéiseach IOM.



# Cad é a bhaineamar amach le linn Phlean Straitéiseach 2015–2020 IOM

Le linn thréimhse Phlean Straitéiseach 2015-2020 bhí IOM ag fás agus ag forbairt i gcónaí, chuireamar lenár gcláir oideachais agus chuireamar le cuspóir na hInstitiúide chun cúrsaí a thabhairt isteach ar feadh thréimhse saoil an oideachais, ó staidéar luath-óige go hoideachas d'aosaigh agus breisoideachas.

Laistigh den tréimhse cúig bliana seo, tháinig méadú 35% ar líon ár mac léinn, agus breis agus 1100 mac léinn cláraithe in 2019-2020. Tháinig breis agus 7% de na mic léinn sin ó 17 thír AE agus neamh-AE, agus bhí beagnach aon trian de mhic léinn IOM cláraithe ar chláir iarchéime.

Tháinig méadú freisin ar líon ár mball foirne, agus fostaíonn IOM breis agus 100 ball foirne lánaimseartha anois, atá i ranna acadúla agus ranna tacaíocht ghairmiúil.

Cuireann foireann de bhaill foirne pháirtaimseartha tuilleadh tacaíochta ar fáil d'obair na hInstitiúide, a dhéanann obair fhiúntach maidir le teagasc agus maoirseacht socrúchán na mac léinn agus gníomhaíochtaí taighde ar fud ár gclár..



Mar aon le fáilte a chur roimh níos mó mic léinn, idir 2015 agus 2020, bhaineamar go leor clocha míle amach in IOM.

Agus muid ag tógáil ar ár ndea-cháil reatha maidir le hardchaighdeáin agus tiomantas do rannpháirteachas na mac léinn trínár mBaitsiléir in Eolaíocht (Léann Oideachais), Baitsiléir Oideachais agus Máistreacht Ghairmiúil in Oideachas (MGO bunscoile), chuireamar le réimse agus le líon na gclár atá á dtairiscint.

I Meán Fómhair 2015, chláraigh IOM a céad mhic léinn ar an mBaitsiléir in Eolaíocht (Oideachas Luath-Óige), agus an bhliain dár gcionn cuireadh ar fáil den chéad uair Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide, clár a forbraíodh i gcomhthéacs straitéis Chaidrimh Dhomhanda Choláiste na Tríonóide.

Chomh maith leis sin, chuireamar le sraith na gclár Máistreachta sa Léann Oideachais (MES) a chuimsiú an MES i gCeannaireacht in Oideachas Críostaí, an MES i bhFoghlaim Bunaithe ar Fhiosrú agus an MES sna hAmharc-Ealaíona. Cuireadh i gcrích in 2019 an chéad Athbhreithniú Cáilíochta ar an mBaitsiléir in Eolaíocht (Léann Oideachais agus, sa bhliain chéanna, i ndiaidh phróiseas rathúil tairisceana, roghnaigh an Roinn Oideachais IOM chun an chéad chéim bhunoideachais ceithre bliana, ó bunaíodh an Stát, a chur ar fáil agus é le seachadadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Chláraigh mic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge den chéad uair in 2019-2020.



# TEAGASC TAIGHDE TEICNEOLAÍOCHT

# Amlíne éachtaí 2015–2020

## 2015

- Tugadh Teastas i Spioradúlacht & Forbairt Dhaonna isteach
- Ceapadh Clárbhainisteoir Taighde & Forbairt
- Tosaíodh an Baitsiléir san Eolaíocht (Oideachas Luath-Óige) le 25 mac léinn

## 2016

- Tosaíodh Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide
- Dámhadh Maoiniú faoi Erasmus+
- Athsheoladh an tSuímh Gréasáin

## 2017

- Creidiúnaíodh 3 chlár MES nua
- Seoladh Teastas Ceannaireachta EREBB
- Ceapadh Scríbhneoir Cónaithe
- Tionscadal maoinithe AE rathúil faoi Erasmus+
- I gceannas ar bhunú thionscadal THRIECE
- Seoladh Rochtain ar Oideachas Múinteoirí TOBAR
- Seoladh an Clár um Múinteoirí Imirceacha
- Ceannaíodh cóiríocht do mhic léinn Westcourt







## 2018

- Seoladh Tionscnamh Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath
- Ceapadh Ealaíontóir Cónaithe
- Ceapadh Oifigeach Ainmnithe na Gaeilge agus Oifigeach Cáilíochta

## 2019

- Cuireadh Athbhreithniú Eagraíochta i gcrích
- Ceapadh Oifigeach Ainmnithe um Chosaint Sonraí
- Ceapadh Oifigeach Ainmnithe um Rannpháirteachas Mac Léinn
- Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge
- An chéad Scéim Teanga de chuid na hInstitiúide
- Creidiúnaíodh An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an Baitsiléir Eolaíochta san Oideachas Luath-óige
- Bronnadh na chéad ghradaim do chéimithe
- Athbhreithniú ar an mBaitsiléir san Eolaíocht (Léann Oideachais)

## 2020

- Ceapadh Oifigeach Rochtana agus Oifigeach Cáilíochta nua
- Tosaíodh Athbhreithniú Cáilíochta Choláiste na Tríonóide ar 'Sholáthraithe Nasctha'
- Coiste Freagartha COVID-19
- Cúrsaí samhraidh ar líne déanta ag 1,200 múinteoir
- Rinneadh 20 scoláireacht nua a thairiscint
- Roinneadh an bhliain acadúil ina seimeastair








# Cumhacht Bhunathraitheach an Oideachais, Trí Lionsa Nua-aimseartha

Is é cumhacht feabhsú saoil an oideachais a ba bhunús le IOM le breis agus céad bliain. Tá cumas bunathraitheach an oideachais mar bhunchloch IOM agus is léiriú nua-aimseartha air a fhaightear i bPlean Straitéiseach 2021-2026 mar seo a leanas:

- Is é ár dtiomantas aithne a chur ar ár mic léinn, a bheith ag obair leo ar bhonn pearsanta mar chomhpháirtithe in oideachas, cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach go criticiúil ina staidéar, agus á n-ullmhú le bheith ina nglúin nua ceannairí oideachais, a bhfuil fís agus comhbhá acu, a thugann eispéireas ar leith do mhic léinn IOM.
- Trínár dtiomantas do bharr feabhais i dteagasc, foghlaim agus measúnú ullmhaímid ár mic léinn do shaol éiginnte, go mbeidh an cumas agus an mhuinín acu dul ó neart go neart.

**AITHNÍMID ÁR BHFREAGRACHT CHUN A BHEITH AR THÚS CADHNAÍOCHTA MAIDIR LE CLEACHTAS INBHUANAITHE A SHAMHALTÚ AGUS CHUN TIONCHAR A IMIRT AR OIDEACHAS Ó THAOBH INBHUANAITHEACHTA DO NA GLÚNTA ATÁ ROMHAINN.**

**Coiste Foirne Phlean Straitéiseach**

- Is é ár dtiomantas chun oideachas a athrú ó bhonn a chuireann ar chumas na mac léinn inniúlacht dhigiteach a fhí isteach go criticiúil agus go cruthaitheach ina n-oideolaíocht oideachais. Molaimid dóibh glacadh go fonnmhar leis an timpeallacht dhigiteach athraitheach agus teicneolaíochtaí digiteacha a neadú chun tacú lena gcuid foghlaimeoirí, bíodh sé i suíomhanna luath-óige, scoileanna nó ionaid bhreisoideachais agus oiliúna.
- Téann mic léinn in IOM ar socrúcháin struchtúrtha agus sheicheamhacha agus tugann a n-eispéiris mhéadaithe i suíomhanna oideachais sárdheiseanna dóibh maidir lena gcleachtas a fhorbairt.
- Tá forbairt mheon na fiosrachta lárnach chun oideoirí a ullmhú a léiríonn gníomhaíocht, ionracas, scileanna tomhaiste cinnteoireachta, agus guth gairmiúil soiléir. Tá IOM tiomanta do dhíriú ar thaighde feidhmeach, a chumasaíonn teagascóirí agus gairmithe oideachais, a chuireann ar a gcumas a gcleachtas a cheistiú, a thugann orthu luach a bheith acu ar pheirspictíochtaí difriúla agus a bheith rannpháirteach i dtaighde agus ag tabhairt faoi, scileanna iad sin atá fíor-riachtanach maidir le foghlaim ghairmiúil.
- Aithnímid ár bhfreagracht chun a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le cleachtas inbhuanaithe a shamhaltú agus chun tionchar a imirt ar oideachas ó thaobh inbhuanaitheachta do na glúnta atá romhainn. Agus ról againn mar sholáthraí measúil oideachas múinteoirí bíonn orainn forbairt inbhuanaithe a cheangal isteach inár mbeartais, ár dtimpeallachtaí, forbairt acmhainní oideoirí, cumasú agus slógadh daoine óga, agus gníomhaíocht ar leibhéal áitiúil.
- Táimid tiomanta dár gcomhpháirtíochtaí le mic léinn a threisiú agus do mhic léinn a spreagadh a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim fhéindírithe agus inbhuanaithe.

# An Caidreamh Acadúil le Coláiste na Tríonóide a Threisiú

I mbliana tá IOM agus Coláiste na Tríonóide ag ceiliúradh 45 bliain de chaidreamh acadúil foirmiúil idir an dá institiúid. Síníodh an comhaontú chun an caidreamh seo a bhunú in 1976 agus tháinig forbairt bhreise ar ár gceangal in 2011, nuair a tháinig Coláiste na Tríonóide agus Bráithre Críostaí na hEorpa le chéile, le bheith ina gcomhiontaobhaithe ar IOM.

Oibríonn IOM agus Coláiste na Tríonóide i gcomhar lena chéile sa réimse oideachas múinteoirí agus chun éiteas seo an chomhoibrithe a dhéanamh foirmiúil, tá sé i gceist ag an Scoil Oideachais, Coláiste na Tríonóide agus IOM Comhionad um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí a bhunú. Cruthóidh sé seo deis chun réimse comhleanúnach cláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí a sholáthar, ó oideachas múinteoirí luath-óige go hullmhú múinteoirí d'aosaigh agus don bhreisoideachas.

Is gné thábhachtach den Phlean Straitéiseach seo forbairt agus bunú an ionaid barr feabhais seo in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí. Faoi 2026, nuair a cheiliúrfaimid 50 bliain ó rinneadh Coláiste Comhlachaithe de chuid Choláiste na Tríonóide de IOM, tá sé i gceist againn go mbeidh an tIonad ann agus go mbeidh sé ina shamhail aitheanta maidir le comhpháirtíocht straitéiseach.

Féachann IOM lena chaidreamh acadúil le pobal Choláiste na Tríonóide trí chéile a shaibhriú agus a threisiú, trí chláir nuálacha i rochtain, cuimsiú agus oideachas trí mheán na Gaeilge, mar aon le tionscadail chomhoibríocha taighde. Féachaimid leis an gcomhoibriú reatha a threisiú leis an Oifig Dhomhanda maidir le soláthar an Bhonnchláir Idirnáisiúnta, agus oibreoimid i dtreo deiseanna a shainaithint chun obair le réimse scoileanna agus ranna ar fud na hOllscoile.

# An Tírdhreach Níos Leithne

Aithníodh mar cheann de na spriocanna laistigh den Phlean Straitéiseach seo ár ról mar chomhpháirtithe iontaofa san oideachas a chothú agus a threisiú. Féachann IOM lena chaidreamh le líonra Oideachais Thar Theorainneacha Éamann de Rís agus réimse leathan comhpháirtithe oideachasúla in Éirinn agus thar lear a chothú, chun caidrimh nua a fhorbairt le heagraíochtaí príobháideacha agus daonchairdiúla atá tiomanta do chur chun cinn an oideachais. Agus muid faoi anáil bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta, forbróidh IOM líonraí gairmiúla idirnáisiúnta le hinstitiúidí a bhfuil an dearcadh céanna acu atá tiomanta do pháirt a ghlacadh i gcleachtais nuálacha agus do chothromas, folláine agus foghlaim d'ardchaighdeán a chur chun cinn.

# Ár bPobal Foirne

Bhí clú riamh anall ar IOM as a spiorad pobail agus tacaíocht gan sárú. Aithnítear go n-oibríonn gach ball dár bpobal foirne le chéile chun obair na hInstitiúide a chur i gcrích. Ach leas a bhaint as ár solúbthacht agus as ár dtiomantas do bharr feabhais, mar aon lenár saineolas agus caighdeán ár mball foirne, cuirfear ar chumas IOM forbairt agus fás breise a dhéanamh.





**D'athraigh mo shaol ó bhonn le bliain anuas tríd bheith páirteach sa chlár TOBAR agus bheith cláraithe ar an MGO. Bhain an clár TOBAR an-chuid do na bacanna a bhí romham, agus thug sé deis domsa agus do mhic léinn eile ón Lucht Siúil bheith inár muinteoirí. Níl dabht ar bith agam, ach laistigh den tréimhse cúig bliana seo agus tríd na sprioc den bPlean Straitésideach a chur i gcrích, beidh deis ag roinnt mhaith mhic léinn eile ón Lucht Siúil dul le muinteoireacht as seo amach.**

**Annemarie Collins**

# Oideachas ag Bunathrú Saolta chun Feabhais

Is acrainm é an chairt grafach thíos (mar atá le feicéal ar leathanach 5) a dhéanann tagairt tapaidh do na haidhmeanna agus na spriocanna atá sna leathanaigh a leanann. Féach ar na ciorcail bheaga daite atá ar bharr gach sprioc chun a fháil amach cén siombal TRUST a bhaineann leis an sprioc sin.




| TEAGASC | TAIGHDE | ROCHTAIN UILÍOCH | INBHUANAITHEACHT | TEICNEOLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|
| TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT |
| Soláthraímid eispéireas iomlánaíoch dár mic léinn, ina gcaomhnaítear smaointeoireacht chriticiúil, comhbhá, gníomhaíocht, seasmhacht, agus cumas cumarsáide | Cuirimid lenár n-infreastruchtúr taighde trí phobal tacúil a fhorbairt chun barr feabhais a spreagadh i dtaighde oideachais atá ábhartha agus feidhmiúil | Cothaímid rochtain ar oideachais do chách agus tugaimid tús áite do thionscadail agus do thionscnaimh a chruthaíonn sochaí níos cothromaíche, níos tuisceanaí agus níos cothroime | Beimid ag dul do chleachtais inbhuanaithe ar fud ár ngníomhaíochtaí campais agus déanfar teagasc agus foghlaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta a neadú i ngach gné dár gcuraclam | Forbraímid agus athraímid trí dhul i ngleic go criticiúil agus go cruthaitheach le forbairtí in oideachas digiteach |

# 5 Tosaíocht 10 Sprioc

## Bainfimid ár gcúig thosaíocht straitéiseacha amach trí dheich sprioc, atá chomh tábhachtach céanna lena chéile sa Phlean Straitéiseach seo.

**TRUST** Teagasc | Taighde | Rochtain Uilíoch | Inbhuanaitheacht | Teicneolaíocht

1 Dearbhóimid ár bhféiniúlacht Críostaí trí oideachas

2 Cothóimid eispéireas saibhir teagaisc agus foghlama

3 Cuirfimid oideachas d'ardchaighdeán trí Ghaeilge chun cinn

4 Beimid tiomanta do bharr feabhais a bhaint amach i dtaighde feidhmeach

5 Cuirfimid rochtain, cothromas agus éagsúlacht chun cinn san oideachas

6 Cothóimid agus forbróimid ár ról mar chomhpháirtithe iontaofa san oideachas

7 Cuirfimid leis an ngné idirnáisiúnta dár gcuid oibre

8 Cuirfimid oideachas agus cleachtais inbhuanaithe chun cinn

9 Cuirfimid taca lenár gcleachtais forbraíochta trí theicneolaíochtaí digiteacha

10 Cothóimid ár spiorad láidir pobail

# SPRIOC 1.
# Dearbhóimid ár bhFéiniúlacht Críostaí tríd an Oideachas

Á dtreorú ag ár bhfís Chríostaí, braithfidh ár mbaill foirne agus ár mic léinn in IOM féiniúlacht agus muintearas a chothaíonn an fhiosracht, an comhbhá agus rannpháirteachas sóisialta i leith gach duine.  Agus muid ag tógáil ar stair, traidisiúin agus gealltanais ó oidhreacht i dtaobh luachanna Críostaí agus luach againn orthu dá réir, tacóimid le baill foirne agus le mic léinn chun a chinntiú go bhfuil siad ullmhaithe chun difríocht a dhéanamh mar ghuthanna measúla, inspioráideacha agus cuimsitheacha go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud na cruinne.

## Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:


**1.01** Laidreofar na naisc lenár gcomhpháirtithe in Oideachas Thar Theorainneacha Éamann de Rís (ERBB) agus glacfar páirt sa chomhrá domhanda ar Oideachas Críostaí

**1.02** Beimid inár mball de líonraí Ollscoileanna/Coláistí Caitliceacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cuirfear rannpháirteachas le tionscadail agus cláir chun cinn

**1.03** Glacfar páirt i ndialóg éacúiméineach agus idirchaidrimh trínár dteagasc agus taighde

**1.04** Forbrófar an Mháistreacht sa Léann Oideachais i gCeannaireacht Oideachais in Oideachas Críostaí, i bhformáid chreidiúnaithe chumaisc / ar líne, rud a chuirfidh le rochtain dhomhanda an chláir

**1.05** Forbrófar an tIonad um Oideachas Reiligiúnach chun cur le líon na gclár spioradáltachta d'aosaigh atá ar fáil, agus tacaíocht ar leith ar fáil do pharóistí lena gcláir oideachais



## SPRIOC 2.
## Cothóimid Eispéireas Saibhir Teagaisc agus Foghlama

In IOM, soláthraímid eispéireas iomlánaíoch oideachais do mhic léinn, agus forbraítear a gcuid scileanna criticiúla, gníomhaíochta, seasmhachta, agus cumais chun cumarsáid a dhéanamh agus a bheith sóisialta. Ba mhaith linn cabhrú le mic léinn dul i ngleic le dúshláin chomhaimseartha. Déanfaimid é sin trí mhic léinn a threorú agus trí dhúshlán a thabhairt dóibh lenár gclár staidéir faoi thionchar an taighde atá dírithe ar chúrsaí praiticiúla. Tugann ár gcóimheás íseal idir mic léinn agus an fhoireann (15:1) deis do mhic léinn obair as lámha a chéile agus a gcuid foghlama a mhiondealú, machnamh a dhéanamh uirthi agus cur léi. Is féidir le mic léinn páirt a ghlacadh i socraíochtaí a chuireann lena gcuid muiníne maidir lena mbreithiúnais féin a chruthú, le réiteach fadhbanna agus maidir le freagairt do riachtanais éabhlóideacha na bhfoghlaimeoirí. Tá ár gcéimithe réidh le dul i mbun teagmhála mar oideoirí gairmiúla ar fud réimse leathan suíomhanna.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**2.01** Leanfar ar aghaidh ag forbairt agus ag athchruthú cláir acadúla i gcomhréir le taighde agus forbairtí beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta

**2.02** Cuirfear le réimse na gclár a bheidh á thairiscint ag an Institiúid chun cláir dhochtúireachta a chuimsiú

**2.03** Tabharfar tacaíocht do bhaill foirne chun cur le gnóthachtáil agus rath na mac léinn in ardoideachas trí theagasc agus foghlaim a bhfuil taighde mar bhonn fúthu

**2.04** Tabharfar deiseanna do mhic léinna bheith ina gcleachtóirí cruthaitheacha oideachais

**2.05** Cuirfear le heispéiris bharántúla foghlama agus mheasúnaithe na mac léinn agus cuirfear straitéisí i bhfeidhm chun ardchaighdeán acadúil a chur chun cinn ar fud an phobail foghlama

**2.06** Déanfar machnamh, fiosracht agus taighde d’ardchaighdeán a neadú inár gcláir chun a chur ar chumas na mac léinn a bheith rannpháirteach i dtaighde mar fhoinse foghlama ar feadh an tsaoil

**2.07** Déanfar ár saoráidí teagaisc, foghlama agus leabharlainne a athnuachan

**2.08** Cuirfear deiseanna ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn chun foghlaim sa dúlra

# SPRIOC 3.
# Cuirfimid Oideachas Gaeilge ar Ardchaighdeán chun cinn

T R U S T

Leanfaimid orainn ag léiriú ceannaireachta maidir le cláir i nGaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil, agus muid ag forbairt an Baitsiléir Oideachais trí mheán na Gaeilge a seoladh in 2019, an chéad chéim dá leithéid i stair an Stáit. In IOM, tuigimid tábhacht na timpeallachta ilteangaí a chuirtear ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn agus tá sé de chuspóir straitéiseach againn cur le forbairt pobal bríomhar Gaeilge, agus rochtain ar oideachas d'ardchaighdeán i nGaeilge a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo é sin. Taobh thall den seomra ranga, féachfaimid freisin le tionscnaimh a chur chun cinn a cheiliúrann an cultúr Gaelach i gcomhthéacs ilchultúrtha.

## Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**3.01** Cur leis an ngealltanas a tugadh sa Scéim Teanga a bheith ina champas dhátheangach, chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga bheo agus bhríomhar laistigh dár bpobal sóisialta, cultúrtha agus oideachais

**3.02** Bunófar Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (PME do mhúinteoirí bunleibhéil).

**3.03** Forbrófar soláthar Oideachais Luath-Óige trí mheán na Gaeilge

**3.04** Cuirfear cúrsaí trí mheán na Gaeilge ar fáil a thacóidh leis an gcóras oideachais trí chéile agus le pobail na Gaeilge

**3.05** Cuirfear le líon na modúl roghnach as Gaeilge laistigh dár gcláir

**3.06** Forbrófar mol taighde agus acmhainne tiomanta trí mheán na Gaeilge, ionas go gcothaítear agus go gcuirtear le caidrimh in earnáil an oideachais trí mheán na Gaeilge

**3.07** Bunófar Leabharlann Teagaisc agus Taighde chun acmhainní/foilseacháin bhreise a chur i láthair agus a chruthú a fhreastalóidh ar riachtanais shuíomhanna oideachais na Gaeilge

**3.08** Cuirfear leis an Scéim Chónaitheach Lán-Ghaeilge agus bunófar áit shóisialta Ghaeilge

# SPRIOC 4.
# Beimid Tiomanta do Bharr Feabhais a bhaint amach i dTaighde Feidhmeach

Agus forbairt á déanamh againn ar oidhreacht shaibhir i dtaobh oideachais atá faoi threoir taighde agus bunaithe ar fhianaise, ba mhian linn an Institiúid a bhogadh isteach i ré nua maidir le gníomhaíocht taighde, ina bhfuil béim ar thaighde feidhmeach. Trí oifig níos mó taighde a chruthú, soláthrófar infreastruchtúr chun tacú leis an bhfócas agus chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le taighde laistigh den institiúid. Cinnteoidh baint amach na sprice sin go mbeidh IOM freagrach as forbairtí ar an tírdhreach taighde oideachais agus beidh tionchar aige dá réir sin ar bheartas ábhartha ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**4.01** Forbrófar straitéis taighde 5 bliana agus bunófar roinnt mol taighde

**4.02** Cuirfear le haird taighde IOM trí chomhdhálacha idirnáisiúnta a óstáil

**4.03** Déanfar craobhscaoileadh agus cumarsáid chórasach agus eiticiúil taighde IOM a chumasú

**4.04** ruthófar aschuir thaighde in oideachas lena n-áireofar cinn i gcomhar leis an Ionad um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí

**4.05** Cuirfear sainchláir thacaíochta ar fáil chun forbairt taighdeoirí luathghairme agus lárghairme a chothú

**4.06** Cuirfear acmhainn agus infreastruchtúr IOM chun cinn d’fhonn tacú le baill foirne ó thaobh obair léannta de

**4.07** Forbrófar agus cuirfear le rochtain agus bailiúchán leabharlainne chun tacú le taighdeoirí

# SPRIOC 5.
# Cuirfimid Rochtain, Cothromas agus Éagsúlacht chun cinn san Oideachas

In IOM, tabharfaimid tús áite do thionscadail agus do thionscnaimh a fhéachann le sochaí níos cothromaíche agus níos cothroime a chruthú. Tá ár bpríomhsprioc mar bhonn faoin sprioc seo maidir le dínit an duine aonair agus ár ngealltanas chun ceartas sóisialta a chur chun cinn trí oideachas. I gcomhréir le Sprioc 4 de chuid Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, glaoitear orainn 'Oideachas ionchuimsitheach agus cothrom d'ardchaighdeán a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**5.01** Cuirfear chun cinn Féile Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath, tionscnaimh rochtana agus comhpháirtíocht le suíomhanna breisoideachais chun cur le tionscnaimh rochtana, agus mic léinn ag filleadh ar oideachas lánaimseartha

**5.02** Neadófar Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i ngach clár

**5.03** Cothófar agus forbrófar ár dtiomantas i dtaobh cláir a fhéachann le gairm na múinteoireachta a éagsúlú, amhail Clár Tobair agus an Tionscadal Múinteora Imircigh

**5.04** Cuirfear modúil ar fáil le téamaí ceartais shóisialta/ceartais dhomhanda ar fud gach cláir

**5.05** Cruthófar cúrsa creidiúnaithe do dhaoine a bhfuil míchumas intleachtúil agus foghlama orthu

**5.06** Cuirfear oiliúint agus forbairt foirne ar fáil ar gach réimse a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú

**5.07** Cruthófar agus cuirfear plean i bhfeidhm a dhéanfaidh rochtain ar an gcampas níos éasca agus níos ionchuimsithí

**5.08** Cuirfear le héagsúlacht na mac léinn agus na mball foirne ar an gcampas agus glacfar céimeanna chun MIE a bhunú mar Champas Tearmainn

**5.09** Leagfar bunús síos maidir le haitheantas Athena SWAN a fháil

# SPRIOC 6.
# Cothóimid agus Forbróimid ár Ról mar Chomhpháirtithe Iontaofa san Oideachas

Tá an chomhpháirtíocht lárnach maidir le hobair IOM. Cuirfimid le heispéireas teagaisc agus foghlama na mball foirne agus na mac léinn trí chaidrimh láidre, chómhalartacha a chothú le tuismitheoirí, scoileanna agus suíomhanna luath-óige, le breisoideachas, le comhpháirtithe socrúcháin agus le gníomhaireachtaí oideachais. Trí dhul i mbun teagmhála le comhpháirtithe, lorgóimid deiseanna nua chun cur le réimse na ngníomhaíochtaí. Is mór againn an caidreamh lenár bhforas cáiliúcháin sonraithe, Coláiste na Tríonóide, agus féachaimid leis an gcaidreamh a fhorbairt agus a neartú leis an Scoil Oideachais agus leis an Ollscoil trí chéile. Tá sé d'aidhm againn a bheith mar ghuth iontaofa a dhéanann cumarsáid leis an tsochaí áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda trí na hardáin chuí sna meáin chumarsáide.



### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**6.01** Treiseofar rannpháirteachas lenár bpríomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochtaagus ranna rialtais eile, forais chreidiúnaithe, gníomhaireachtaí náisiúnta, foras patrún agus múinteoirí chun an tionchar is mó a imirt ar thírdhreach oideachais na hÉireann

**6.02** Beimid inár gcomhpháirtí le heagraíochtaí neamhrialtais, daonchairdiúla agus tráchtála a chuireann an t-oideachas chun cinn

**6.03** Cruthófar comhpháirtíochtaí dlútha agus cómhalartacha le scoileanna agus le suíomhanna oideachais, go háitiúil, go logánta agus go náisiúnta, agus díreofar go speisialta ar chomhpháirtithe socrúcháin

**6.04** Cuirfear le modhanna cumarsáide agus deiseanna chun dul i gcomhairle le forais scoile agus béim againn ar thacú le fás agus forbairt scoileanna agus teagascóirí

**6.05** Tógfar ar ár gcaidreamh le comhpháirtithe sa Chlár um Rochtain ar an Ardoideachas agus déanfar obair ar aitheantas Eagraíochta Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) do Bhaile Átha Cliath mar Chathair Foghlama

**6.06** Bunófar Lárionad Barr Feabhais in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, i gcomhar leis an Scoil Oideachais i gColáiste na Tríonóide

**6.07** Neartófar ár gcaidreamh le Coláiste na Tríonóide agus cuirfear modúil roghnacha ar fáil ar Chlár Oideachais Choláiste na Tríonóide

**6.08** Forbrófar comhpháirtíochtaí nua agus neartófar naisc sheanbhunaithe leis an bpobal áitiúil, institiúidí cultúrtha agus forais ealaíne ar thionscnaimh a bhaineann le hoideachas

**6.09** Tacófar le rannpháirteachas teaghlach le hoideachas a bpáistí

**6.10** Déanfar cumarsáid leis an tsochaí trí chéile trí bhaill foirne IOM a chur chun cinn mar cheannairí smaointeoireachta ar thopaicí oideachais

# SPRIOC 7.
# Leathnóimid an Claonadh Idirnáisiúnta i dtaobh Ár gCuid Saothair

Agus muid ag leanúint oidhreach phobal Edmund Rice, is mór againn an tábhacht a bhaineann le heispéiris dhomhanda do bhaill foirne agus do mhic léinn. In IOM, forbróimid líonraí idirnáisiúnta cáilíochta agus cuirfimid réimse deiseanna ar fáil ó thaobh soghluaisteachta de. Lena chois sin, cuirfimid deiseanna idirnáisiúnta ar fáil sa bhaile, agus muid ag tarraingt ar theicneolaíochtaí ábhartha digiteacha agus cinnteoimid go mbeidh tionchar ag peirspictíocht idirnáisiúnta ar oideachas agus ar chinnteoireacht. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas an fhorbairt iomlánaíoch a chothú maidir le hoideoirí sa todhchaí chun go mbeidh siad ina saoránaigh fheasacha ó thaobh cúrsaí domhanda de agus ionas go mbeidh siad gníomhach agus rannpháirteach. Cuirfidh sé freisin le hacmhainneacht agus saibhreoidh sé eispéireas ár mball foirne.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**7.01** Forbrófar straitéis uaillmhianach agus atá dírithe ar an todhchaí d'idirnáisiúnú agus do chomhoibriú idirnáisiúnta

**7.02** Aithneofar agus tabharfar tacaíocht do thionscnaimh nuálacha chun cur le líonraí agus le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus chun obair a dhéanamh d'fhorbairt oideachais idirnáisiúnta

**7.03** Cuirfear le deiseanna do mhic léinn agus do bhaill foirne chun leas a bhaint as soghluaisteacht agus deiseanna forbartha idirnáisiúnta

**7.04** Tógfar ar agus cuirfear le caidrimh trasteorann le soláthraithe Oideachais Múinteoirí i dTuaisceart Éireann

**7.05** Tabharfar rogha srutha idirnáisiúnta isteach maidir lenár gcúrsaí B.Sc faoi 2026 ionas gur féidir le mic léinn bliain amháin a chaitheamh thar lear mar chuid dá staidéar.

**7.06** Cuirfear le líon na mac léinn isteach atá ag staidéar thar lear trí chur lenár réimse gearrchúrsaí téamúla ar féidir iad a thairiscint mar eispéiris staidéir thar lear do mhic léinn agus do bhaill foirne go fíorúil agus i bpearsan araon

**7.07** Déanfar idirnáisúnú ar ár gcuraclaim chun aoichainteoirí, seomraí ranga fíorúla agus tionscadail chomhoibríocha a chuimsiú

**7.08** Cuirfear le foinsí maoinithe chun ár ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chothú

# SPRIOC 8.
# Cuirfimid Oideachas agus Cleachtais Inbhuanaithe chun cinn

T R U S T

In IOM, téimid i mbun cleachtais inbhuanaithe, rannpháirteacha lenár ngníomhaíochtaí ar fad, agus aithnímid go bhfuil rannpháirteachas na mac léinn agus na mball foirne fíorthábhachtach chun an plean sin a chur i gcrích. Sainmhíníonn IOM inbhuanaitheacht mar seo a leanas: 'cuimsiú buarthaí agus cleachtais timpeallachta agus cothromais shóisialta chun pobail shláintiúla, bhisiúla agus éagsúla a chruthú anois agus sna blianta atá romhainn a bhfuil eolas agus tuiscint dhomhain acu ar a n-áit agus ar a n-idircheangailteacht leis an dúlra'. Ó tharla gur Institiúid a ullmhaíonn na glúnta oideoirí atá romhainn í IOM, tá sé tábhachtach freisin ní hamháin go mbímid ag dul do chleachtais inbhuanaithe ar fud ár ngníomhaíochtaí campais ach go ndéantar teagasc agus foghlaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta a neadú i ngach gné dár gcuraclam ionas go mbeidh na pointí eolais agus na scileanna riachtanacha ag an bpobal chun smaointeoireacht agus cinnteoireacht inbhuanaithe a léiriú sa saol trí chéile.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**8.01** Déanfar Beartas Inbhuanaithe IOM a athnuachan agus cuirfear brí ann agus cuirfear Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm

**8.02** Déanfar deimhin de go gcuirfear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus saoránacht dhomhanda san áireamh i gcuraclam ár gclár

**8.03** Cuirfear modúil in Oideachas agus Forbairt Inbhuanaithe ar fáil ar fud na gclár ar fad

**8.04** Déanfar deimhin de go dtacófar lenár mic léinn agus lenár mbaill foirne agus go sealbhóidh siad an t-eolas agus na scileanna a thacóidh leo a bheith ina ngníomhaithe athraithe maidir le forbairt inbhuanaithe

**8.05** Cuirfear ar chumas foireann ionadaithe, ar mic léinn agus ar baill foirne iad, tionscnaimh inbhunaithe a threorú chomh maith le coiste ar fud an champais a fhorbairt

**8.06** Forbrófar treochlár chun Clár Campais Ghlais a chur i bhfeidhm

**8.07** Cruthófar plean forbartha campais chun a chinntiú go gcuirfear feabhas leantach ar fhoirgnimh ár gcampais ar bhealach atá inbhuanaithe agus oiriúnach d'ailtireacht agus do stair an tsuímh

**8.08** Bunófar lorg carbóin na hInstitiúide agus cuirfear tús le straitéis chun astaíochtaí carbóin a laghdú le hachair ama cinntithe agus le gníomhaíochtaí cinnte

**8.09** Cuirfear le spásanna glasa ar fud an champais chun fiadhúlra agus bithéagsúlacht a chur chun cinn

# SPRIOC 9.
# Cuirfimid Taca lenár gCleachtas trí Theicneolaíochtaí Digiteacha

T R U S T

In IOM, is mian linn eispéiris oideachais d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Trí thógáil ar an dul chun cinn digiteach a cuireadh i gcrích le linn phaindéim COVID-19, cinnteoimid go mbeidh teicneolaíochtaí cuí digiteacha fite fuaite leis an mbealach a dteagascaimid, a bhfoghlaimímid, a ndéanaimid measúnú agus a ndéanaimid taighde. Agus muid ag bogadh i dtreo inniúlacht dhigiteach, agus éifeachtúlacht do gach ball foirne agus mac léinn, beidh tionchar ag tionscnaimh náisiúnta agus AE orainn. Agus muid ag baint leas as an teicneolaíocht ar bhealach fónta ar mhaithe le teagasc agus foghlaim, is féidir le teagascóirí faoi oiliúint agus oideoirí an bealach a n-úsáidtear an teicneolaíocht a fheiceáil, a bheith seasmhach agus nuálach go gairmiúil, agus a bheith ina n-eiseamláirí maidir le dea-úsáid teicneolaíochta ina dtimpeallachtaí oideachais amach anseo. Beidh fáil ag úsáideoirí domhanda, soghluaiste, agus cianda ar an oideachas anois mar gheall ar úsáid straitéiseach na teicneolaíochta.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**9.01** Plean digiteach cúig bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

**9.02** Dearadh teagaisc a chuimsiú ar fud cúrsaí, agus tógáil ar dhearadh fónta oideolaíochta agus uilíoch ar mhaithe le prionsabail foghlama

**9.03** Cur le hinniúlacht dhigiteach gach baill foirne trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach

**9.04** Cineálacha cur chuige solúbtha a chur san áireamh maidir le teagasc, foghlaim, measúnú, maoirseacht agus taighde

**9.05** Cinntiú gur féidir le mic léinn teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar bhealach criticiúil agus cruthaitheach atá i gcomhréir le beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta

**9.06** Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun eispéireas na mac léinn a dhéanamh níos pearsanta

**9.07** Clár eolais a chur i bhfeidhm chun eochair-mhéadracht a thuairisciú agus chun cur tuilleadh le córas faisnéise an mhic léinn

**9.08** Feidhmeanna tacaíochta eagrúcháin a chuíchóiriú trí fhorfheidhmiú sábháilte na nuatheicneolaíochtaí

# SPRIOC 10.
# Cothóimid Spiorad Láidir Pobail

Tagann ár luachanna, misean agus tosaíochtaí in IOM go mór le spiorad pobail a chruthú agus cinntítear go bhfuil folláine na mac léinn, na mball foirne agus pobal IOM trí chéile lárnach maidir le gach a ndéanaimid. Is mian linn pobal cúraim agus comhbhá a chur ar fáil, ionas go mothóidh baill foirne agus mic léinn ar a gcompord, agus sábháilte, agus ionas go bhfuil nasc acu leis an bpobal agus tacaíocht ar fáil dóibh. Aithnítear go bhfuil forbairt agus fás IOM ag brath go mór ar chaighdeán agus ar thiomantas ár mball foirne. Is é ár sprioc cumhacht a thabhairt do gach ball foirne chun go mbainfidh siad a gcumas is fearr amach agus chun a chinntiú go scaipfear an t-éiteas sin ar fud phobal IOM trí chéile. Is mian le IOM deiseanna a chur ar fáil do gach ball foirne chun páirt a ghlacadh i rolladh amach Phlean Straitéiseach 2021-2026 agus chun deimhin a dhéanamh de gur cáipéis bheo í.

### Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

**10.01** Infheistíocht a chur i bhforbairt foirne agus deiseanna a chur ar fáil d'fhás agus le haghaidh ardú céime

**10.02** Oiliúint agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne a threisíonn tuiscintí ar chomhpháirtíocht mar atá

**10.03** Bealaí cumarsáide a fhorbairt a chumasóidh muintearas agus ionchur ó gach ball dár bpobal

**10.04** Sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta i measc phobal IOM trí chéile a chur chun cinn

**10.05** Spiorad pobail IOM a chothú trí ghníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt

**10.06** Deiseanna a fhorbairt maidir le rannpháirteachas na mac léinn ar fud gach réimse de shaol na hollscoile lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, measúnú, dearbhú cáilíochta, agus rialachas

**10.07** Comhaontú Comhpháirtíochta Mac Léinn a bhunú agus rannpháirteachas na mac léinn a chur chun cinn

**10.08** Cur le cuimsiú mac léinn idirnáisiúnta, páirtaimseartha agus iarchéime i saol an choláiste

**10.09** Naisc lenár bpobal alumni a threisiú

**10.10** Deiseanna a chruthú chun dul i mbun teagmhála lenár gcomharsana agus leis an bpobal trí chéile



# Forfheidhmiú Straitéiseach

Is próiseas leanúnach, beo é an Plean Straitéiseach cúig bliana seo Ní ráitis amháin iad na spriocanna agus na gníomhaíochtaí, ach beidh siad mar threoirchonair don IOM sna bhlianta atá romhainn. Beidh ar gach ball de phobal IOM gach iarracht a dhéanamh chun na rúin a leagtar amach sa cháipéis seo a chomhlíonadh agus a bheith solúbtha maidir le cúinsí athraitheacha.

Tá plean forfheidhmiúcháin agus creat gaolmhar ag dul leis an bPlean Straitéiseach cúig bliana seo ionas go gcuirfear i bhfeidhm i gceart é. Leagtar amach sa phlean forfheidhmiúcháin gníomhaíochtaí, achair ama, freagrachtaí agus garspriocanna mionsonraithe atá riachtanach chun gach sprioc a bhaint amach.

Bunaíodh creat forfheidhmiúcháin chun seachadadh na dtiomantas a leagtar amach sa cháipéis seo a chinntiú. Beidh cruinniú ag Coiste Stiúrtha an Phlean Straitéisigh, a bhfuil Foireann na Ceannaireachta Sinsirí mar aon le Cinn na Ranna páirteach ann, uair in aghaidh na ráithe agus déanfar dul chun cinn a mheas. Tionólfar fóraim foirne rialta chun aiseolas a thabhairt ar dhul chun cinn na dtionscnamh. Cuirfear an t-eolas is déanaí maidir le dul chun cinn faoi bhráid an Chomhlachta Rialaithe ar feadh an phróisis.

## Na Príomhchúinsí a bhfuil tionchar acu ar Straitéis agus Forfheidhmiú

**Inbhuanaitheacht agus Seasmhacht Airgeadais**

Iontaobhas príobháideach carthanachta is ea IOM faoi chomh-iontaobhas Chuallacht na mBráithre Críostaí in Éirinn agus Choláiste na Tríonóide. Tá IOM á páirtmhaoiniú ag Rannán an Oideachais Múinteoirí de chuid na Roinne Oideachais agus tá sí ag brath ar a hacmhainneacht chun sruthanna eile ioncaim a ghiniúint chun soláthar níos leithne a chur ar fáil ó chúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí, cúrsaí sa léann oideachais, breisoideachas, agus oideachas luath-óige mar aon le raon clár máistreachta.

De bharr bhunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le deireanas agus aistriú molta mhaoiniú IOM chuig an roinn nua seo d'fhéadfadh sé go mbeadh deiseanna nua ar fáil ag an Institiúid chun cur isteach ar shruthanna maoinithe nach bhfuil sí incháilithe dóibh faoi láthair.

Beidh inniúlacht IOM chun a sruthanna maoinithe agus ioncaim a chaomhnú, a ghiniúint agus a leathnú fíorthábhachtach maidir le seachadadh ár bPlean Straitéisigh.

## Forbairt Institiúide

Tá méadú 35% tagtha ar líon na mac léinn in IOM le cúig bliana anuas, treocht a mheasaimid a leanfar ar aghaidh léi. Chun an ráta fáis seo a chothú, ní mór d'IOM infheistíocht a dhéanamh i bhforbairtí caipitil agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil na saoráidí ar an láthair agus go fíorúil dóthanach chun riachtanais níos mó mac léinn a chomhlíonadh.

## Cáilíocht agus Dearbhú

D'fhaomh Comhairle Acadúil Choláiste na Tríonóide le Nósanna Imeachta Dearbhaithe Cáilíochta IOM i Meán Fómhair 2020. Glacfaidh Coláiste na Tríonóide páirt in Athbhreithniú Éifeachtúlachta Institiúide IOM ar bheartais agus nósanna imeachta IOM in 2022. Ina theannta sin, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar chláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí IOM ar mhaithe le creidiúnú in 2023. Ó tharla gur Coláiste Comhlachaithe de chuid Choláiste na Tríonóide é IOM, leagtar béim ar cháilíocht, agus déanann an Institiúid gach iarracht dul i bhfeabhas trí mhachnamh macánta, follasach agus criticiúil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ar fad a dhéantar chun ár misean a bhaint amach. Tá infheistíocht shuntasach acmhainní de dhíth maidir le próisis athbhreithnithe den saghas seo, ach tá siad fíor-riachtanach chun a léiriú go bhfuil na nósanna imeachta ar fad oiriúnach agus ag cloí le reachtaíocht, rialachán agus dea-chleachtas.

## Margaíocht agus Cumarsáid

Tá forbairt straitéise cumarsáide ríthábhachtach chun a chinntiú go n-ardóidh IOM próifíl a héachtaí acadúla trí chlúdach méadaithe sna meáin chumarsáide mar is cuí. Meallfaidh sé mic léinn nua má chuirtear le héifeachtúlacht na cumarsáide maidir le rath taighde agus cláir agus réiteoidh sé an bealach chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhunú. Athbhunóidh sé naisc freisin le pobal mórtasach alumni na hInstitiúide.





**Agus tú ag siúl timpeall ar Institiúid Oideachais Marino (IOM) feictear duit áilleacht na háite agus ní haon iontas é go dtéann stair an champais i bhfad siar, cúpla céad bliain sular dtógadh foirgneamh Naomh Mhuire. Is cuid den sean-eastát Tiarna Charlemont é an campas agus tá nascanna inláimhsithe againn ón am sin le feiceáil timpeall orainn. Tógadh na Geataí Dragún timpeall 1750í agus cuireadh cuid de na crainn aibí ag an am seo freisin.**

**Ciarán Fogarty**

# Próiseas Comhairliúcháin

Mar chuid den rannpháirteachas a gealladh le linn phróiseas straitéiseach phlean cúig bliana, chuamar i gcomhairle le grúpa leathan páirtithe leasmhara.

Chuir IOM 75 cuireadh dhíreacha amach chuig páirtithe leasmhara seachtracha ó 66 eagraíocht chun dul i gcomhairle leo ar Phlean Straitéiseach 2021-2026 IOM. I gcomhar leis an gcomhairliúchán spriocdhírithe seo, chuir an Institiúid nóta suas ar a suíomh gréasáin agus chuir sí fógra in iris *InTouch* inar tugadh cuireadh maidir le haighneachtaí ó dhaoine nó eagraíochtaí leasmhara.

Reáchtáladh líon suntasach seisiún ceardlainne i measc na foirne inmheánaí inar úsáideadh an mhodheolaíocht chomhairliúcháin foirne le linn shamhradh 2020. Ghlac 36 ball foirne páirt i roinnt cruinnithe grúpa fócais. Ó Mheán Fómhair, tionóladh Coiste Pleanála Straitéisí, ina raibh 11 ionadaí: duine ó gach ceann de na cúig roinn acadúla, agus ionadaí ó TF, ón Leabharlann, ó Oifig an Chláraitheora, ó Airgeadas, Comhdháil agus Saoráidí, ón Oifig Oideachais. Tháinig an Coiste le chéile go rialta, agus chinntigh sé go raibh próiseas na Pleanála Straitéisí ina ábhar bríomhar díospóireachta laistigh de gach roinn.

Roghnaíodh ionadaithe ó gach rang agus cóhort mac léinn go randamach agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais. Lena chois sinn, tionóladh roinnt grúpaí fócais alumni freisin. Ag céimeanna difriúla, ghlac an Comhlacht Rialaithe páirt i gceardlanna a bhain le tosaíochtaí don Institiúid agus forbairt éabhlóideach an Phlean. Bhí ról ríthábhachtach ag Ceannairí na Ranna sa phróiseas freisin.

**Bhí an t-ionchur ó na páirtithe leasmhara fíorluachmhar maidir leis an bpróiseas agus na haschuir. San áireamh sa liosta thíos tá na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo le linn an phróisis:**

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
- An Roinn Oideachais
- Ollscoil Stáit Bridgewater
- Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
- An tSeirbhís Míchumais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Iontaobhas Reiligí Bhaile Átha Cliath (Glas Naíon)
- Forbairt Edmund Rice
- Iontaobhas Scoileanna Edmund Rice
- Ag Foghlaim Le Chéile
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- An tSeirbhís Náisiúnta um Thaistealaithe Éireann Theach Exchange
- Gaeloideachas
- Foghlaim H2
- An tÚdarás um Ard-Oideachas
- Cumann Foghlama Teicneolaíochta na hÉireann
- Léargas
- Ionad Learnovate
- Coláiste Mhuire gan Smál
- Ollscoil Mhá Nuad
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
- Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn
- Scoil Fiaclóireachta, Coláiste na Tríonóide
- Coláiste Ollscoile Naomh Mhuire, Béal Feirste
- An Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas
- Na hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann
- An Lárionad um Staidéar Trasteorann
- Cumann Múinteoirí Éireann
- Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann
- An Bhuanchomhdháil ar Oideachas Múinteoirí, Thuaidh agus Theas
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide
- TUSLA, Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn
- Leas-Uachtárán Caidreamh Domhanda, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliatha



# Liosta Acrainmneacha agus Giorrúchán

| | |
|---|---|
| AML (SU) | Aontas Mac Léinn |
| B.E. (BSc) | Baitsiléir Eolaíochta |
| BICT (IFP) | Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide |
| B.Oid (B.Ed) | Baitsiléir Oideachais |
| COT (TEP) | Clár Oideachais Choláiste na Tríonóide |
| CRA (PATH) | An Clár um Rochtain ar an Ardoideachas |
| DUF (UDL) | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| FGL (CPD) | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| IOM (MIE) | Institiúid Oideachais Marino |
| MGO (PME) | Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas |
| MO (MEd) | Máistreacht sa Léann Oideachais |
| OTM (ITE) | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí |
| RBATNE (DFHERIS) | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| R.O. (DoE) | An Roinn Oideachais |
| TCD (Trinity) | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| TF (IT) | Teicneolaíocht Faisnéise |

# BUAICPHOINTÍ 2021-2026

## Ár Misean

**Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc agus foghlama is ea IOM atá tiomanta do chuimsiú, do cháilíocht agus do bharr feabhas san oideachas a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal. Tá dínit agus cumas gach duine agus an tóraíocht ar shochaí chóir agus ar phláinéad inbhuanaithe ag croílár ár saoil, ár gcuid oibre agus ár seirbhíse.**

---

## Ár bhFís

**A bheith inár nguth sainiúil maidir le hoideachas cóir, inbhuanaithe agus bunathraitheach do chách a chumasú.**

---

## Ár dTreoirphrionsabail

**Tá ár seacht dTreoirphrionsabal mar bhonn faoi gach gné den treo institiúideach a bhfuilimid ag dul:**

| | |
|---|---|
| 1 | A bheith éacúiméineach agus meas a thabhairt do phobail chreidimh uile |
| 2 | Chun gné láidir um oideachas múinteoirí a sholáthar |
| 3 | Tacaíocht a thabhairt do mhisean an oideachais Chaitlicigh tríd an éiteas dá chuid a chur in iúl agus trí shamhlacha a mholadh lena chur i bhfeidhm |
| 4 | Cláir oideachais a sholáthar chun daoine bochta agus faoi mhíbhuntáiste a spreagadh agus a chumasú |
| 5 | Pobal foghlama a fhorbairt atá dírithe ar an duine, a bhfuil meas aige do dhifríochtaí aonair agus ar a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste |
| 6 | Cuidiú le tuismitheoirí freagrachtaí a róil mar oideoirí a chomhlíonadh |
| 7 | Meas a thabhairt d'iarrthóirí na fírinne uile agus a gceart a chosaint ar eolas nua a aimsiú cibé toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin |

# Tosaíochtaí Straitéiseacha

| T | R | U | S | T |
|---|---|---|---|---|
| TEAGASC | TAIGHDE | ROCHTAIN UILÍOCH | INBHUANAITHEACHT | TEICNEOLAÍOCHT |
| TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT |

# Ár Spriocanna

1. Dearbhóimid ár **bhféiniúlacht Críostaí** trí oideachas
2. Cothóimid eispéireas saibhir **teagaisc agus foghlama**
3. Cuirfimid oideachas **d'ardchaighdeán trí Ghaeilge chun cinn**
4. Beimid tiomanta do bharr **feabhais a bhaint amach i dtaighde feidhmeach**
5. Cuirfimid rochtain, **cothromas agus éagsúlacht** chun cinn san oideachas
6. Cothóimid agus forbróimid ár ról mar **chomhpháirtithe iontaofa san oideachas**
7. Cuirfimid leis an **ngné idirnáisiúnta** dár gcuid oibre
8. Cuirfimid oideachas agus **cleachtais inbhuanaithe chun cinn**
9. Cuirfimid taca lenár **gcleachtais forbraíochta trí theicneolaíochtaí digiteacha**
10. Cothóimid ár **spiorad láidir pobail**

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

**www.mie.ie**

marinoinstituteofeducation
@MarinoInstitute
marino-institute-of-education

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin